

ARD-STIÚRTHÓIREACT AISTRIÚCHÁIN (DGT) AN CHOIMISIÚN EORPAIGH:

AR CHUALA TÚ FÚINN CHEANA FÉIN?



Cé sinn?

Thart ar 1 750 teangeolaí agus 600 ball foirne tacaíochta sa Bhruiséil agus i Lucsamburg, atá eagraithe ina ranna – roinn amháin do gach ceann de 23 teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Cad a dhéanaimid?

Is é ár bpríomhchúram riachtanais an Choimisiúin maidir le haistriúchán agus comhairle teanga le haghaidh gach saghas **cumarsáide scríofa** a shásamh

Cad tá i gceist le cumarsáid scríofa?

Reachtaíocht, doiciméid reachtacha, comhfhreagras leis na saoránaigh, le comhlachais agus cuideachtaí, suímh Ghréasáin, ábhar don phreas, óráidí, cáipéisí cúlra a bhaineann le saincheistanna dlíthiúla, teicniúla, airgeadais, eolaíoch agus eacnamaíoch – gach rud a bhíonn ag teastáil ón gCoimisiún chun dul i mbun oibre.

An féidir linn doiciméid a aistriú do dhaoine eile?

Ní féidir. Tá a seirbhís aistriúcháin féin ag gach institiúid de chuid an AE, agus tá Ionad Aistriúcháin amháin do ghníomhaireachtaí an AE. Thairis sin, mar sheirbhís phoiblí, agus freagracht orainn bheith neamhchlaonta, ní aistrímid doiciméid d'aon eagrais seachtrach.

Cé mhéad teanga a ndéanaimid aistriúchán uathu agus isteach iontu?

Aistríonn DGT ó **23 teanga oifigiúil agus oibre an AE** agus isteach i **23 teanga oifigiúil agus oibre an AE** chomh maith: an Béarla, an Bhulgáiris, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

Cén fáth a n-úsáideann an tAontas Eorpach an oiread sin teangacha oifigiúla?

Tá sé de dhualgas ar an AE, eagraíocht atá daonlathach, bheith i gcumarsáid lena shaoránaigh agus le rialtais na mBallstát ina dteangacha féin. Tá sé de cheart ag daoine a bheith ar an eolas faoin méid atá á dhéanamh thar a gceann agus ról gníomhach a bheith acu ann gan gá dóibh teanga eile a fhoghlaim. Thairis sin, ós rud é go bhfuil tionchar ag dlí an Aontais Eorpaigh ar gach uile dhuine san AE, ní foláir é bheith ar fáil sna teangacha oifigiúla go léir – ionas go dtuigfidh na saoránaigh agus na cúirteanna é.

Cad é an bunús dlí atá taobh thiar de shocruithe teanga an AE?

Tá socruithe teanga an AE bunaithe ar an bpíosa reachtaíochta is sine de chuid an Aontais, Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ón mbliain 1958. Thairis sin, leagtar síos i gConarthaí an AE an prionsabal nach foláir d'institiúidí an AE teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus le húdaráis sna Ballstáit sa teanga oifigiúil is rogha leis na comhfheagraithe.

Cé na teangacha a bheidh ina dteangacha oifigiúla san AE?

Sonraíonn gach tír an teanga a dteastaíonn uathu a úsáid mar theanga oifigiúil/theangacha oifigiúla chun críocha an AE. Aon athrú ar na socruithe atá ann cheana – amhail teanga oifigiúil a chur isteach nó a bhaint – ní foláir go

gcomhaontódh ionadaithe uile na mBallstát i gComhairle an Aontais Eorpaigh é d'aon toil.

Sa Choimisiún, an aistrítear gach rud isteach sna teangacha oifigiúla uile?

Ní aistrítear ar chor ar bith. Déantar reachtaíocht agus doiciméid a bhfuil an-tábhacht phoiblí ag baint leo a aistriú sna 23 teanga oifigiúil, ach níl sa mhéid sin ach timpeall is trian d'obair DGT. Ní dhéantar doiciméid eile (e.g. cumarsáid le húdarais náisiúnta agus comhfhreagras) a aistriú ach isteach sna teangacha ina bhfuil siad ag teastáil. I gcás doiciméad inmheánach, **úsáideann an Coimisiún trí theanga nós imeachta** – an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis.

Cé mhéad leathanach a sholáthraíonn DGT?

Méadaíonn an t-ualach oibre gach bliain de ghnáth, de bharr méaduithe agus síorfhairsingiú réimsí gníomhaíochta an Choimisiúin: i 1992 aistríodh os cionn 914 000 leathanach, in 2004 mhéadaigh an méid sin go 1 249 000 agus in 2007 ba é aschur DGT 1 762 000 leathanach.

Conas a dhéileálfaimid leis an ualach oibre?

Ar an gcéad dul síos, tá foireann cháilithe agus acmhainní TF den scoth againn. Ar an dara dul síos, trí **straitéis aistriúcháin** chuí a ghlacamar in 2004 (a athbhreithníodh agus a rinneadh buan in 2006): forchuireadh teorainneacha d'fhad na ndoiciméad a d'fhéadfaí a aistriú agus leagadh síos tosaíochtaí maidir le cineál na ndoiciméad arbh fhéidir a láimhseáil. Tá an reachtaíocht ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá againn.

An ndéanann na haistritheoirí inmheánacha na haistriúcháin go léir?

Aistrítear na doiciméid atá práinneach nó íogair ó thaobh na polaitíochta de go himmheánach i gcónaí. In 2007 rinneadh os cionn 76% de na haistriúcháin go himmheánach agus rinne saoraistritheoirí an chuid eile – daoine aonair agus gníomhaireachtaí a rinne tairiscint rathúil chun obair an Choimisiúin a dhéanamh.

Conas a earcaítear ár bhfoireann bhuan?

Ní foláir gur éirigh lenár n-aistritheoirí buana i gcomórtas ar leith. Fógraítear na comórtais in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar shuíomh Gréasáin na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) agus i dtréimhseacháin áirithe. Chun a bheith i dteideal cur isteach ar chomórtas le haghaidh teanga oifigiúil atá ann cheana, ní mór duit a bheith i do náisiúnach AE, ní mór céim ollscoile (ní gá gur céim i dteangacha í) agus sáreolas ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an AE (do mháthairtheanga de ghnáth) agus eolas críochnúil ar dhá theanga eile ar a laghad a bheith agat.

An bhfuil aon bhealach eile ann chun taithí oibre a fháil in DGT?

Cuirimid líon beag tréimhsí oiliúna ar fáil do chéimithe a dteastaíonn uathu roinnt taithí phroifisiúnta san aistriúchán a fháil. Chun bheith i dteideal cur isteach orthu, ní foláir bunchéim ollscoile a bheith agat agus é a bheith ar do chumas aistriú ó dhá theanga oifigiúla de chuid an AE

isteach i do phríomhtheanga. Chomh maith leis sin, ní féidir tréimhse oiliúna a bheith déanta agat in aon institiúid nó comhlacht eile de chuid an AE.

Cé hiad na daoine eile ar féidir leo teacht ar cuairt chugainn?

Cuirimid fáilte roimh **ghrúpaí** de sheisear ar a laghad a chuireann spéis phroifisiúnta inár gcuid oibre. Déantar gach cuairt a eagrú de réir spéis an ghrúpa lena mbaineann agus bíonn cur i láthair ar fáil i máthairtheanga ár n-aíonna nó i dteanga a thuigeann siad. Ní mór do na cuairteoirí, áfach, íoc as na costais taistil, lóistín agus costais chothaithe a bhaineann lena leithéidí de chuariteanna. Is féidir le hoifigigh DGT atá ag obair in Ionadaíochtaí an AE sna Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar do dhaoine a bhfuil spéis acu i gcúrsaí teanga.

Cén costas atá ar DGT?

Tuairim is EUR 280 milliún an costas measta a bhí ar aistriúchán sa Choimisiún in 2006. Tá costas iomlán aistriúcháin agus ateangaireachta uile in institiúidí uile an AE – timpeall is EUR 1.1 billiún – níos lú ná 1% de bhuiséad iomlán an AE nó beagán sa bhreis ar EUR 2 do gach saoránach in aghaidh na bliana.

An cuireann an AE áiseanna aistriúcháin ar fáil ar féidir le haon duine iad a úsáid?

Cuireann. Ar an gcéad dul síos, is féidir teacht ar **EUR-Lex** (<http://eur-lex.europa.eu/>), bailiúchán reachtaíocht uile an AE atá i bhfeidhm faoi láthair. Ar an dara dul síos, tá InterActive Terminology for Europe, nó **IATE** mar a thugtar air (<http://iate.europa.eu/>), atá mar thoradh ar na bunachair téarmaíochta uile atá ann cheana de chuid na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí Eorpacha atá ann cheana a chur le chéile. Ar deireadh, tá acmhainní teanga éagsúla ar fáil ar shuíomh Gréasáin DGT (http://ec.europa.eu/translation/index_en.htm) i dteangacha uile an AE chun cabhair a thabhairt agus téacsanna á n-aistriú agus á ndruchtú.

An bhfuil
tuilleadh eolais
uait?

Le haghaidh tuilleadh
eolais tabhair cuairt ar ár
suíomh Gréasáin:

[http://ec.europa.eu/dgs/
translation/](http://ec.europa.eu/dgs/translation/)